

BISEACH

Iris Chuuman Forbartha Chois Fharraige

NOLLAIG 2004

Eagarfhocal

I gcaitheamh na bliana atá caite ghlac Cumann Forbartha Chois Fharraige seasamh láidir sa díospóireacht faoin aird ba cheart a thabhairt ar an nGaeilge sa chóras pleanála maidir le tithíocht sa Ghaeltacht. Thug an Cumann tacaíocht leanúnach freisin d'fheachtais náisiúnta dírithe ar ionad na Gaeilge sa saol poiblí a bhuanú agus a fhairsingiú agus ar aitheantas cuí a bhaint amach don teanga i gcaidreamh na tíre leis an Aontas Eorpach. Is údar áthais dúinn an dul chun cinn atá tarlaithe le déanaí sna réimsí seo —feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla, ceapadh Choimisinéir Teanga, éileamh an Rialtais ar stádas mar theanga lánoifigiúil oibre don Ghaeilge san Aontas Eorpach, agus an t-aitheantas atá tugtha don Ghaeilge sa chóras pleanála i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

Is céimeanna cinniúnacha iad sin go léir do thodhchaí na teanga agus in ainneoin na míshástachta a léirigh an Cumann le gnéithe de na forbairtí seo le linn don phlé a bheith ag dul ar aghaidh, is maith an ceart dúinn anois an moladh is dual a thabhairt dóibh siúd a thug i gcrích iad. Thar aon duine eile tá an moladh sin ag dul don Aire Éamon Ó Cuív as a dhúthracht ag cur na mbeartas seo chun cinn ar an leibhéal náisiúnta. agus is ceart freisin tréaslú leis an gComhairle Contae as an nGaelacht a aithint ina bPlean Forbartha mar cheantar speisialta ó thaobh pleanála. Ar aon dul leis an gcuid eile den tír, bhí fáilte mhór sa phobal seo roimh cheapachán Sheáin Uí Churraín mar Choimisinéir Teanga. Ba dheacair duine níos feiliúnaí ná é a shamhlú leis an bpost agus guímid gach rath air i mbun a chuid oibre.

Is fada pobal na Gaeltachta cleachtaithe ar an nGaeilge a chur ina bpóca agus géilleadh do bhrú an Bhéarla nuair a bhímid ag plé le heagraíochtaí agus comhlachtaí poiblí, ranna áirithe Rialtais ina measc. Cuireann feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla agus ceapachán an Choimisinéara tús le ré nua i gcaidreamh lucht labhartha na Gaeilge leis na dreamanna seo. Anois den chéad uair riamh, beidh ceangal reachtúil ar chomhlachtaí poiblí seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar i réimsí sonraithe dá ngnó. Fáiltimid roimh an socrú seo agus tuigimid gur fúinne anois atá sé an chéad chéim eile a thógáil, mar atá, leas a bhaint as na seirbhísí Gaeilge atá á soláthar faoi láthair agus a sholáthrófar amach anseo de réir fhorálacha an Achta.

Pádraig Ó Héalaí

CLÁR

	Lth.
Iubhaile Órga	2
Muintir na Cathrach	4
Ógánaigh an Chnoic	7
Tigh Mholly	8
Beo go Deo	11
An Tulaigh	13
Scríbhneoirí Óga	15
Naíonra agus Naíolann	16
Liathróid Láimhe	17
Glór na nGael	18
Na Stáisiúin	20
Ó Shelerno go Sailearna	22
Coláiste Lurgan	25
Comhar Creidmheasa	27
Seo Uait	28
Lóchrann	30
Ionad Leighis	32
Cumann Forbartha	35
Scéim Shóisialta	36
Imeachtaí na Scoilbhliana	39
Drámaíocht	40
Óige	42
Obair an Chumainn Forbartha	44
Scríbhneoirí	47
Reilig an Chnoic	48
An Brat Glas	49
Camógaíocht	49
Ionad Tacaíochta	50
Fíricí an Pharóiste	55

In eagar ag Gaelscript Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-505555
Priontáil: Clódóirí Lurgan Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-593251